# DUILLEOG

## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 4 Fómhar 2008



## Bás Mháire Nic Giolla Easboig

Ceannródaí mór i saol na Gaeilge agus an Oideachais a bhí i Maire a fuair bás le gairid ní hamháin anseo i nGaoth Dobhair ach ar fud na Contae seo ar fad agus bhí sí Gaelach go smior.

Ceard mhúinteoir a bhí intí a chaith treimhsí ag teagasc i Leitir Ceanainn, Buncrannacha, Baile Dhún na nGall agus i mBéal Átha Seanaigh sul ar fhill sí arais ar Ghaoth Dobhair i 1966.

Bhí ard mheas uirthi sna ceantracha sin mar mhúinteoir agus go háirid de bharr na himeachtaí Gaeilge agus siamsaíochta a deagraigh sí do dhaoine fásta. Is iomaí oíche mhór ceoil agus dramaíochta a bhí aici.

Ghoill an imirce a bhí go dona anseo sa Ghaeltacht ag an am go mór uirthi agus mar dúirt sí féin, daoine óga ag imeacht leo go hAlbain agus go Sasain, ag imeacht i mbeal a gcinn gan scileanna ar bith acú.

Ní aon iontas é mar sin go raibh sí an-ghníomhach i gcoiste a bunaíodh le Garim Scoil le áiseanna iomlán Oideachais intí a bhunadh anseo í nGaoth Dobhair.

De bharr a gcuid oibre ceadaíodh a léithéid de scoil i 1961 le cead an Aire Oideachais Pádraig Ó hIrghile. Gairm scoil lán-fheistithe do réir alt 103 de Acht Oideachais 1930 a bhí inti.

Fosclaíodh an scoil i 1966 agus ceapadh Máire mar Phríomh Oide sealadach agus lean sí ar aghaidh mar mhúinteoir sa scoil gur éirí sí as i an mhúinteoreacht i 1977.

Nuair a tháinig scéim na bPobal scoileanna i bhfeidhm sna seachtóidí chuir sí fáilte roimh bhunú Phobalscoil Ghaoth Dobhair i 1973 a bhí ag feidhmiú idir an Ghairmscoil agus an Mhean Scoil – Ard Scoil Mhuire i Machaire Chlochair, i dtús ama. Fosclaíodh Pobalscoil úr Ghaoth Dobhair ar an Luinnigh i 1980.

Ghoill sé uirthi ansin go raibh an Ghairmscoil bhreá ina luí folamh agus ag dul chun raice ach bhí lúchair bhreá uirthi nuair a cheannaigh Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair í le cuidiú ó Údarás na Gaeltachta i 1990 agus a rinneadh í a fheistiú go húr arís, an áit a bhfuil an Chrannóg inniu.

Bhí sí fosta mar bhall gníomhach de Aisteoirí Ghaoth Dobhair a bunaíodh ina teach féin i dTigh Neidí Eoghain Ruaidh i Srath na Corcra i 1932.

Sár aisteoir a bhí intí féin agus leirigh sí go leor dramaí lena cuid scolairí go háirid nuair a tháinig sí arais go Ghaoth Dobhair. Bhí clú agus cáil ar an scoil de bhárr árd chaighdean a gcuid dramaí agus aisteorachta agus is iomaí ard ghradaim a bhain siad amach.

Bhí sí fosta ar dhuine de bhunaitheoirí Choiste Staire agus Seanchais Thír Chonaill.

Ghlac sí páirt ghníomhach i stocaireacht a dhéanamh do Ionad Lae agus Banaltrais a fháil do Ghaoth Dobhair áit ar chaith sí féin na blianta deireannacha da saol.

Bhí sí duthrachtach dílis da Creideamh da Tír agus da Teanga agus da a ceird mar mhúinteoir. Chuir Maire suim in gach rud a bhain le hOideachas sa phobal agus in gach rud dar bhain le cultúr agus le saol na Gaeltachta thart uirthi i rith a saoil a fhad agus a bhí an tsláinte aicí.

Mar a dúirt a nia an tAthair Caoimhín Mac Giolla Easpaig ina sheanmóir le linn Aifreann an Torraimh,

“Bhí Gaelachas ina cuid Criostaíochta agus bhí Críostaíocht ina cuid Gaelachais”. Ní bheidh a léithidí arís ann. Go ndeánaí Dia a mhaith uirthi.

# Féile Traidisiúnta Chnoc Fola 2008









## Glór na nGael

Comhdháil Náisiúnta idir choistí

Pleanáil agus Malartú Cleachtais

Meadowlands Hotel, Tralí,
25—26 Meán Fómhair 2008

do choistí

Leibhéal 3—4 den chomórtas

---

Moltóireacht Ghlór na nGael i nGaoth Dobhair
22 Samhain 2008

## Imeachtaí a bhí ar siúl sa Chrannóg i rith an tSamhraidh.

- Taispeántas de Ghrianghrafanna le Seán Ó Baoid as an Bhun Bheag
- Taispeántas Ealaíontóirí "Tearmann"
  11 Iúil—31 Lúnasa
- An Campa Samhraidh don óige ón 30 Meitheamh—22 Lúnasa. Amhránaíocht, Ceol Uirlise, Cluichí &rl
- Beidh Taispeántas Ealaíon anseo sa Chrannóg ag Johnny Ó Fíoruisce i mí Deire Fómhair 2008
- Na ranganna ceoil ag toiseacht sa Chrannóg Dé Céadaoin & Déardaoin 17 & 18 Meán Fómhair, 5.30 i.n.

## An Tionscnamh Pleanála Teanga

Tá an tionscnamh seo a reáchtáil anois le trí bliana anuas i nGaoth Dobhair. Tá go leor a dhéanamh sa cheantar leis an Ghaeilge a chur chun cinn san am i láthair, go háirithe don aos óg ach tá cuid mhór le déanamh againn uilig le cinntiú go mbeidh Gaoth Dobhair mar an Ghaeltacht is láidre sa tír i gcónaí. Scaipeadh suirbhé Turasóireachta i rith an tSamhraidh sna hÓstáin go léir le fáil amach cén fáth a dtagann na turasóirí go Gaoth Dobhair agus táthar ag súil leanúint ar aghaidh leis an suirbhé seo go ceann tamaill eile agus is cinnte go mbeidh torthaí shuimiúil le fáil as! Tá muid ag scaipeadh ceistneoir chéana féin sna scoileanna agus sna naíonraí go léir sa cheantar mar a rinne muid dhá bhliain ó shin le fáil amach cén cúlra teanga labhartha atá ag paistí Ghaoth Dobhair. Beidh an ceistneoir leagtha amach sa dóigh agus nach mbeidh fios cé hiad na scoileanna nó na paistí/teaghlaigh atá i gceist. Fuair muid cuid mhór torthaí suimiúil ón cheistneoir deireanach a rinne muid agus beidh muid ábalta na tórthaí ón dá cheistneoir a chur i gcomparáid lena chéile amach anseo agus mar thoradh beidh muid ábalta díriú isteach orthu siad a bhfuil deacrachtaí acu. Mar eolas, beidh muid ag cur tús leis an ghrúpa Tuismitheoirí agus Tachráin sa Chrannóg anseo gan mhoill. Is féidir scairt a chur ar Charoline ag 074 95 60424 le tuilleadh eolas a fháil agus chun clárú. Cuirfidh muid fáilte roimh dhaoine a bhfuil an Ghaeilge mar theanga labhartha sa bhaile acu agus atá dáiríre faoi a gcuid paistí a thógáil le Gaeilge.

D'eagraí na daoine óga a bhí páirteach i gCampa Samhraidh Ceoil na Crannóige oíche shóisialta ar an Chéadaoin 3ú Meán Fómhair fa choinne Ciste Nóirín Nic Gairbheith. D'éirigh leo €1255 a thógáil.








## Campa Samhraidh
### Na Crannóige 2008



# Seirbhísí ar fáil sa Chrannóg

## PC Logix

Cormac Mac Giolla Easpaig is ainm dom. Rugadh agus tógadh i nGaoth Dobhair mé. Fuair mé mó chuid oideachas dara leibhéal i bPobal Scoil Ghaoth Dobhair agus ansin chuaigh mé go dtí an tIonad Ceoil i Temple Bar le Diploma in innealtóireacht fuaime agus ceoil a fháil, Diploma C&G in innealtóireacht thionsclaíoch in FÁS i nDún Dealgán agus Diploma múinteoireachta in teicneolaíocht faisnéise.

Bhunaigh mé PC-LOGIX i mí na Nollag 2005 in Ionad an Chomharchumainn le seirbhís coiriú, díol ríomhairí agus tacaíocht teicneolaíocht faisnéise a chur ar fáil do na gnóanna áitiúil mar mheas mé go raibh éileamh mór ar a leithead de sheirbhís .

- **Príomh Sheirbhísí ar fáil**
- **Deisiú ríomhairí pearsanta agus glúine**
- **Díolachán ríomhairí pearsanta agus glúine**
- **Díolachán bogearraí**
- **Díolachán printéirí, dúch agus ionaid foirmeallach**
- **Ceamara slándála**
- **Comhairle ar gach gné de theicneolaíocht faisnéise**
- **Café idirlíon ar fáil agus seirbhís 24 uair leathan bhanda gan sreang**

Tháinig fás mór ar an ghnó ó bhunaigh mé é in 2005. Tá réimse leathan cliant áitiúil agam faoi láthair agus súil agam forbairt a dhéanamh ar tuilleadh gnó a aimsiú ó chomhlachtaí áitiúil thar na cúpla bliain amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil leis na cliant agus na custaiméirí uilig atá agam agus fáilte a chur roimh gnó úr ar bith a thiocfaidh an bealach.
Má tá tuilleadh eolas nó comhairle de dhíth cuir scairt orm ag 074 95 60414 nó help@pc-logix.net

## Pumice

### Comhairleoreacht

Peadar ó Collúim is ainm dom. As paróiste Chloich Cheann Fhaola mé ó dhúchas agus tá mé i mó chónaí i mBun a' Leaca le mó bhean chéile agus triúir clainne ó fhill mé ábhaile as Londain ocht mbliana ó shin.

Fuair mé mó chuid oideachais dara leibhéal i bPobal Scoil Chloich Cheann Fhaola agus mó chuid oideachais tríú leibhéal in Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn.

Bhunaigh mé Comhairleoreacht Pumice in Aibreán 2005. Bhí mé féin ag cuardach céad pleanála ag an am, d'iarr an Chomhairle Contae tuairisc measúnú láithreán tógála a chur ar fáil roimh céad pleanála a chéadú.

Théip orm comhairleoir oiriúnach a fháil go h-áitiúil leis an tuairisc seo a ullmhú. Chur mé féin an tuairisc le chéile, bunaithe ar mó chuid taithí oibre i Londain agus an cháilíocht ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Ghlac an Comhairle Contae leis , rinne mé fógraíocht ar an tseirbhís agus tá mé i mbun na h-oibre ó shin. Ghlac mé ionad fiontraíochta ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i mí na Samhna 2006 agus tá me ag feidhmiú go lán aimsire ó shin.

Caithfidh tuairisc measúnú láithreán tógála a bheith le gach cead pleanála ó mí Aibreán 2007. Má tá tuilleadh eolais no comhairle de dhíth ort fá thuairisc measúnú láithreán tógála cuir scairt ar mó oifig ag 086 3742671.

## Cúrsaí Gaeilge 2008-2009

## Teastas Eorpach na Gaeilge

**Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim?**

**Nó**

**Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?**

**Beidh clárú ann do chúrsaí Gaeilge do Ghlantosaitheoirí agus do Thosaitheoirí sa Chrannóg i Srath na Corcra ar an Déardaoin, 09 Deireadh Fómhair 2008 ag 7.30 i.n. Fáilte roimh chách.**

**Tuilleadh eolais**

**An Chrannóg, Na Doirí Beaga**

**Fón: 074 95 32208—Ríomhphost: cfgd@eircom.net**

## Irish Language Courses 2008-2009

**Would you like to learn Irish?**

**Or**

**Would you like to brush up on your Irish?**

**Registration for Beginner and Elementary courses in Irish will be held in An Chrannóg, Srath na Corcra on Thursday, 09 October 2008 at 7.30 p.m. Everybody is welcome.**

**More Information**

**An Chrannóg, Na Doirí Beaga**

**Phone: 074 95 32208 email: cfgd@eircom.net**

Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo.

Gaeilge 2010 An Ghaeltacht Bheo

Údarás na Gaeltachta